



An Bhruiséil, 1 Iúil 2022
(OR. en)

9835/22

CDR 74

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar cúigear comhaltaí agus seachtar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún - Glacadh

1. I litreacha dar dáta an 9 Nollaig 2021 agus an 19 Bealtaine 2022, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go bhfuil Jess LAURSEN, Arne LÆGAARD agus Per NØRHAVE éirithe as oifig, agus faoi dheireadh an tsainordaithe náisiúnta ar dá bhun a moladh Per Bødker ANDERSEN a cheapadh¹.
2. I litreacha dar dáta an 15 Nollaig 2021, an 9 Feabhra 2022 agus an 7 Meitheamh 2022, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Søren WINDELL éirithe as oifig, agus faoi dheireadh na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Steen Bording ANDERSEN, Vibeke Sypli ENRUM, Erik Høgh-SØRENSEN, Anders Rosenstand LAUGESEN agus Evan LYNNERUP OLESEN a cheapadh².

¹ 5495/22, 9687/22.

² 5861/22, 6195/22, 10816/22.

3. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.
4. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun críoch a n-ionadaithe, mhol rialtas na Danmhairge³ na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Bent GRAVERSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Láir), Kirsten Maria Meyer JENSEN, *Borgmester, Hillerød Kommune* (Méara, Bardas Hillerød) (a bhí ina comhalta malartach roimhe sin), Torsten NIELSEN, 2. *Viceborgmester, Viborg Kommune* (An Dara Leas-Mhéara, Bardas Viborg), Hanne ROED, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Láir), agus Peter Sønderby Westphal SØRENSEN, *Borgmester, Horsens Kommune* (Méara, Bardas Horsens).

³ 9779/22.

5. Thairis sin, mhol rialtas na Danmhairge na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Jens Christian GJESING, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Haderslev Kommune* (Comhalta den Chomhairle Cathrach, Bardas Haderslev), Flemming KNUDSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Láir), Tage LEEGAARD, *Regionsrådsmedlem Regionsrådet, Réigiún Nordjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Thuaidh), Anne MADSEN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Sorø Kommune* (Comhalta den Chomhairle Cathrach, Bardas Sorø) Henrik Lena MADSEN, *Byrådsmedlem, Kerteminde Kommune* (Comhalta de Chomhairle Cathrach, Kerteminde Bardas), Thomas ROHDEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Hovedstaden* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach, an Réigiún Príomhchathartha), Mads SØRENSEN, *Borgmester, Varde Kommune* (Méara, Bardas Varde)
6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 9823/22 a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.
